Coimisiún na hÉireann um Chearta
an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission

Scéim Deontas Chearta an Duine agus Comhionannais, 2023–24

Treoir d'Iarratais ar Dheontas

16–22 Sráid na Faiche, Baile Átha Cliath 7, D07 CR20 Guthán (01) 858 9601 | Ríomhphost info@ihrec.ie | www.ihrec.ie

An Clár

1. Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 1

2. Ráiteas Straitéise 2022–24 3

3. Scéim Deontas Chearta an Duine agus Comhionannais, 2023–24 4

4. Iarratas a dhéanamh ar Dheontas 14

5. Foirm Iarratais 15

6. An tSeiceáil Deiridh ar an Iarratas 22

7. Measúnú agus Marcáil 23

8. Tacaíocht d'Iarratas ar Dheontas IHREC 27

Aguisín A: Tionscadail Bunaithe ar Chearta an Duine agus Comhionannas 28

Aguisín B: Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine 29

Aguisín C: An Scéim Mharcála 32

1. Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

Cuspóir agus Sainordú

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ('an Coimisiún'), a bunaíodh an 1 Samhain 2014 faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 ('an tAcht '). Is é an Coimisiún Institiúid Náisiúnta na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhlacht Náisiúnta na hÉireann um an gComhionannas.

Faoin Acht, is iad feidhmeanna foriomlána an Choimisiúin:

(a) Cearta an duine agus an comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn;

(b) Forbairt cultúir ina bhfuil meas ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a spreagadh sa Stát;

(c) Tuiscint agus feasacht ar thábhacht chearta an duine agus an chomhionannais a chur chun cinn sa Stát;

(d) Dea-chleachtas a spreagadh sa chaidreamh idirchultúrtha, caoinfhulaingt agus glacadh leis an éagsúlacht sa Stát agus meas ar shaoirse agus ar dhínit gach duine a chur chun cinn; agus

(e) Oibriú chun drochbhearta maidir le cearta an duine, le hidirdhealú agus le hiompar toirmiscthe a dhíchur.

Leagtar amach Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine in Alt 42 den Acht, dualgas lena leagtar oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí aird a bheith acu ar an ngá le hidirdhealú a dhíchur, comhionannas deiseanna a chur chun cinn, agus cearta an duine a chosaint, dóibh siúd a gcuireann siad seirbhísí ar fáil dóibh, agus don fhoireann i mbun a n-oibre go laethúil. Éilítear ar chomhlachtaí poiblí Measúnú, Aghaidh a thabhairt ar, agus Tuairisciú; tabhairt faoi mheasúnú ar fud na heagraíochta ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine; beartais, pleananna agus gníomhartha a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin; agus tuairisciú go bliantúil ar dhul chun cinn agus éachtaí.

Tugann an Coimisiún treoir do chomhlachtaí poiblí le beartais agus dea-chleachtas a fhorbairt i leith chearta an duine agus comhionannais.[1] D'fhoilsigh an Coimisiún a threoir ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm in 2019, treoir ina moltar go nglacfadh comhlachtaí poiblí le cur chuige bunaithe ar fhianaise i leith an Dualgas a chur i bhfeidhm, comhairliúchán leis an bhfoireann agus le lucht úsáidte na seirbhíse ina measc. Cuireann an Coimisiún tuiscint ar an Dualgas chun cinn freisin i measc eagraíochtaí sochaí sibhialta agus molann don tsochaí shibhialta leas a bhaint as an Dualgas ina hobair abhcóideachta agus bheartais le comhlachtaí poiblí.

[1] https://www.ihrec.ie/ga/our-work/public-sector-duty

2. Ráiteas Straitéise 2022–24

D'fhoilsigh an Coimisiún an tríú ráiteas straitéise uaidh i mí Feabhra 2022. Leagtar amach cúig thosaíocht straitéiseacha i Ráiteas Straitéise 2022–24:

Tosaíocht Straitéiseach 1: Comhionannas geilleagrach

Féachfaimid le comhionannas geilleagrach níos fearr a bhaint amach i dtithíocht, fostaíocht, ioncam agus le haghaidh cúramóirí.

Tosaíocht Straitéiseach 2: Ceartas

Cosnóimid rochtain ar cheartas agus forlámhas an dlí sa chóras cosanta idirnáisiúnta, sna cúirteanna agus in úsáid na gcumhachtaí poiblí.

Tosaíocht Straitéiseach 3: Meas agus aitheantas:

Cuirfimid chun cinn deireadh a chur le ciníochas, cumasachas, aoiseachas agus gnéasachas trí thuiscint an phobail agus gníomh an Stáit.

Tosaíocht Straitéiseach 4: Seasmhacht i leith na todhchaí

Freagróimid do ghéarchéimeanna a bhagraíonn ar chearta agus comhionannas, paindéim COVID-19 agus an t-athrú aeráide ina measc.

Tosaíocht Straitéiseach 5: Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Spreagfaimid comhlíonadh comhlachtaí poiblí, tuairisceoimid air agus cuirfimid i bhfeidhm é.

In go leor réimsí éagsúla, treisíonn na tosaíochtaí a chéile agus déanann siad dul chun cinn ar ár spriocanna fadtéarmacha. Dá réir, tá gníomhartha faoi thosaíocht amháin a measaimid a léireoidh luach mór chun cuspóirí na dtosaíochtaí eile a bhaint amach.

Léigh **ár dtosaíochtaí ina n-iomláine i Ráiteas Straitéise 2022–24 dár gcuid**.

3. Scéim Deontas Chearta an Duine agus Comhionannais, 2023–24

3.1 Réamhrá

Tugann an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 cumhachtaí don Choimisiún chun deontais a thabhairt do chomhlachtaí chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí áirithe chun cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn in Éirinn. Ina Ráiteas Straitéise le haghaidh 2022–24, leagann an Coimisiún amach cúig thosaíocht straitéiseacha. As na tosaíochtaí straitéiseacha sin, díreofar scéim deontas na bliana seo ar thacú le tionscadail a chuireann le dul chun cinn a dhéanamh ar dhá cheann de na tosaíochtaí sin:

- **Tosaíocht Straitéiseach a Dó – Teacht ar Cheartas**

Faoin snáithe seo, tacóidh an Coimisiún le tionscadail a chuireann teacht ar cheartas chun cinn agus a chuireann ar a gcumas do dhaoine a gcearta comhionannais agus daonna a thuiscint, a éileamh agus a chosaint níos fearr.

- **Tosaíocht Straitéiseach a Trí – Meas agus Aitheantas**

Faoin tosaíocht seo, tacóidh an Coimisiún le tionscadail a chuireann chun cinn deireadh a chur le ciníochas, cumasachas, aoiseachas, gnéasachas, homafóibe agus trasfhóibe trí thuiscint an phobail agus gníomh an Stáit.

Tacóidh an Scéim Deontas le raon tionscadail rannpháirtíochta atá bunaithe ar chearta an duine agus comhionannas agus a chuireann leis na tosaíochtaí straitéiseacha a bhaineann leis an dá shnáithe sin a chomhlíonadh.

3.2 Guth agus Neamhspleáchas Daoine a bhFuil Cearta Acu

Tosaíocht leathan is ea tacú leis na daoine agus na grúpaí a mbíonn na constaicí is mó ina mbealach chun a gcearta a bhaint amach agus is lú a chloistear, agus iad siúd a chumasú. Táimid tiomanta d'éisteacht i gcónaí agus go bríoch leo siúd is mó a dtéann na ceisteanna a dtugaimid aghaidh orthu i bhfeidhm orthu. Féachaimid le taithí saoil a lorg agus a chuimsiú, agus luach a léiriú air, mar shaineolas riachtanach a chuireann bonn eolais faoinár n-obair agus oibriú ar bhealach ionchuimsitheach agus leas a bhaint as cumhacht na líonraí. Dá bhrí

sin, tacóidh an scéim le tionscadail ina bhfuil guth agus gníomhú na ndaoine a mbíonn an neamhionannas is mó ina mbealach páirteach.

3.3 Tacú lenár gCaidreamh leis an tSochaí Shibhialta agus é a Threisiú

Leis an Scéim Deontas seo, is mian linn tacú le heagraíochtaí sochaí sibhialta, ina measc grúpaí pobail agus daoine a bhfuil cearta acu agus ceardchumainn atá ag obair chun cearta an duine, comhionannas agus tuiscint idirchultúrtha a chosaint agus a chur chun cinn. Is mian linn freisin ár gcaidrimh leis an tsochaí shibhialta a threisiú, lena n-áirítear cur chuige comhroinnte i leith dúshlán agus deiseanna a fhorbairt agus dul chun cinn a dhéanamh air. Cuirfidh torthaí agus aschuir na dtionscadal bonn eolais faoinár gcuid oibre, agus, más cuí, tacófar lenár n-iarrachtaí chun dul chun cinn a dhéanamh ar athruithe beartais.

Go sonrach, tá an Coimisiún tiomanta do thacú le grúpaí a chumasú ar lú seans a chloistear a nguth, lena n-áirítear grúpaí a chosnaítear faoi na naoi bhforas sa reachtaíocht chomhionannais: inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, aois, gnéaschlaonadh, míchumas, cine, reiligiún agus duine den Lucht Siúil, anuas ar dhaoine a fhulaingíonn mar gheall ar an mbochtaineacht, idirdhealú nó eisiamh socheacnamaíoch, iad siúd a lorgaíonn cosaint idirnáisiúnta agus pobail imirceach ina measc.

Aithnímid freisin go mbíonn neamhionannas, idirdhealú agus neamhchomhlíonadh ceart idir thrasnach agus iomadúil le sárú ag daoine aonair agus grúpaí.

Tógfaidh na tionscadail a n-éireoidh leo tuiscint agus ceannaireacht; cumasóidh siad daoine, grúpaí agus pobail a mbíonn na constaicí is mó ina mbealach agus is lú seans a chloistear chun a gcearta a éileamh agus a bheith páirteach i gcinntí a théann i gcion orthu; agus cabhróidh siad le cearta an duine agus an comhionannas a chur ag croílár na reachtaíochta, beartas, cleachtais.

3.4 Snáitheanna

Tacóidh an scéim deontas le tionscadail in dhá réimse théamacha:

- **Snáithe A: Dul Chun Cinn a Dhéanamh ar Theacht ar Cheartas agus Cearta**

Faoin snáithe seo, tacóidh an Coimisiún le tionscadail a chuireann teacht ar cheartas chun cinn agus a chuireann ar a gcumas do dhaoine a gcearta comhionannais agus daonna a thuiscint, a éileamh agus a chosaint níos fearr.

- **Snáithe B: Deireadh le Cumasachas, Aoiseachas, Ciníochas, Gnéasachas, Homafóibe agus Trasfhóibe a Chur Chun Cinn**

Faoin snáithe seo, tacóidh an Coimisiún le tionscadail a chuireann chun cinn deireadh a chur le ciníochas, cumasachas, aoiseachas, gnéasachas, homafóibe agus trasfhóibe trí thuiscint an phobail agus gníomh an Stáit.

3.4.1 Snáithe A: Dul Chun Cinn a Dhéanamh ar Theacht ar Cheartas agus Cearta

Is tosaíocht de chuid an Choimisiúin é dul chun cinn a dhéanamh ar theacht ar cheartas. D'fhéadfaí na bearnaí atá sa teacht ar cheartas faoi láthair a laghdú trí fheasacht agus tuiscint ar chearta a mhéadú, chomh maith leis na scileanna agus fios gnó chun iad a éileamh agus a chosaint os comhair na gcúirteanna agus binsí ar nós an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre.

Aithníonn an Coimisiún gur fearr suite chun daoine a bhfuil cearta acu a chumasú chun a gcearta a éileamh agus a chosaint, chomh maith le hathrú a mholadh, í an tsochaí shibhialta, ina measc daoine a bhfuil cearta acu agus grúpaí pobail, agus ceardchumainn a oibríonn go díreach le daoine a bhfuil na constaicí is mó ina mbealach chun a gcomhionannas agus a gcearta daonna a bhaint amach agus ar mó seans go bhfulaingeoidh siad idirdhealú agus sárú ar a gcearta daonna.

Tacóidh an snáithe seo le tionscadail:

- a chuireann le tuiscint níos fearr ar chearta comhionannais ina measc siúd a bhfuil na constaicí is mó ina mbealach chun a gcearta a éileamh agus a chosaint agus iad siúd a mbíonn éifeacht iolraitheora acu. Áirítear leis sin oideachas nó oiliúint a chur ar fáil

faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, na hAchtanna um Stádas Comhionann agus Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine;

- a chuireann le tuiscint níos fearr ar chearta an duine ina measc siúd a bhfuil na constaicí is mó ina mbealach chun a gcearta a éileamh agus a chosaint agus iad siúd a mbíonn éifeacht iolraitheora acu. Áirítear leis sin oideachas nó oiliúint a chur ar fáil faoi oibleagáidí na hÉireann i leith chearta an duine agus Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine;

- a fhorbraíonn cumas ceannaireachta sa tsochaí shibhialta agus i measc daoine a bhfuil cearta acu chun tacú le teacht ar cheartas (faoin dlí comhionannais agus dlí chearta an duine) agus cuntasacht daoine agus institiúidí (ar a bhfuil dualgas) a mhéadú, lena n-áirítear Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm;

- a sholáthraíonn bonn fianaise chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí nó chun reachtaíocht, beartas agus cleachtas a threisiú, mar a bhaineann siad le teacht ar cheartas agus cearta;

- a chuireann le monatóireacht agus tuairisciú ar reachtaíocht, beartas agus straitéisí a bhaineann le teacht ar cheartas agus cearta.

Ní mór do thogra tionscadail rathúil an méid seo a leanas a thaispeáint go soiléir:

- An ghné den teacht ar cheartas agus cearta a gcuirfidh sé lena dhul chun cinn ó thaobh chearta an duine agus comhionannais mar a leagtar amach thuas;

- An chaoi a gcuirfidh sé le dul chun cinn a dhéanamh ar thosaíocht straitéiseach a dó a leagtar amach sa nasc thíos;

- An chaoi a mbeidh daoine a bhfuil cearta acu/pobail a mbíonn tionchar orthu páirteach go lárnach ann agus an chaoi a n-áireofar a nguth agus a neamhspleáchas sa phróiseas, agus;

- An chaoi a gcomhlíonfar ceann amháin nó níos mó de na torthaí anseo thíos.

Léigh go cúramach téacs iomlán **Thosaíocht Straitéiseach a Dó: Ceartas** i Ráiteas Straitéise 2022–24 dár gcuid atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin **https://www.ihrec.ie/documents/strategy-statement-2022-2024/**.

3.4.2 Snáithe B: Deireadh le Cumasachas, Aoiseachas, Ciníochas, Gnéasachas, Homafóibe agus Trasfhóibe a Chur Chun Cinn

Measann an Coimisiún nach féidir le sochaí a bheith ionchuimsitheach ná cóir gan aghaidh a thabhairt ar na socruithe, na cleachtais, na beartais agus na noirm chultúrtha struchtúrtha agus institiúide a mbíonn d'éifeacht acu daoine aonair nó grúpaí a fhágáil ar lár nó idirdhealú a dhéanamh orthu bunaithe ar a bhféiniúlachtaí. Aithníonn an Coimisiún trasnachas féiniúlachtaí freisin agus go mbíonn cineálacha éagsúla idirdhealaithe le sárú ag daoine agus ag grúpaí.

Faoin snáithe seo, tacóidh an Coimisiún le heagraíochtaí sochaí sibhialta chun tabhairt faoi thionscadail atá in ann cur le deireadh a chur le cumasachas, aoiseachas, ciníochas, gnéasachas, homafóibe agus/nó trasfhóibe.
Tacóidh an snáithe seo le tionscadail:

- a ardaíonn feasacht an phobail ar chumasachas, aoiseachas, ciníochas, gnéasachas, homafóibe agus/nó trasfhóibe, ar líne ina measc, agus gnéithe trasnacha an idirdhealaithe sin;

- a chruthaíonn tuiscint ar na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta agus na hAchtanna um Stádas Comhionann, oibleagáidí chearta an duine agus Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, agus a chumhachtaíonn grúpaí a fhulaingíonn neamhionannas agus idirdhealú mar gheall ar chumasachas, aoiseachas, ciníochas, gnéasachas, homafóibe agus/nó trasfhóibe;

- a fhorbraíonn gníomhaíochtaí agus acmhainní oideachais agus oiliúna chun aghaidh a thabhairt ar chumasachas, aoiseachas, ciníochas, gnéasachas, homafóibe agus trasfhóibe in ionaid oibre, i suíomhanna oideachais agus i suíomhanna eile;

- a thugann faoi thaighde rannpháirtíochta nó anailís reachtaíochta agus beartais chun reachtaíocht a threisiú agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí;

- beartais, straitéisí agus pleananna gnímh náisiúnta a chur chun cinn, monatóireacht a dhéanamh orthu nó tuairisciú orthu, mar a dtugann siad aghaidh ar chumasachas, aoiseachas, ciníochas, gnéasachas, homafóibe agus trasfhóibe.

Tabhair faoi deara gur féidir le tionscadal díriú ar aon cheann de na cineálacha idirdhealaithe sin – cumasachas, aoiseachas, ciníochas, gnéasachas, homafóibe nó trasfhóibe – nó aird a tharraingt ar nádúr trasnach an idirdhealaithe sin

Ní mór do thogra tionscadail rathúil an méid seo a leanas a thaispeáint go soiléir:

- An cineál gnímh a dhéanfar chun deireadh a chur le cumasachas, aoiseachas, ciníochas, gnéasachas, homafóibe agus trasfhóibe ó thaobh chearta an duine agus comhionannais de;

- An chaoi a gcuirfidh sé le dul chun cinn a dhéanamh ar thosaíocht straitéiseach a trí a leagtar amach sa nasc thíos;

- An chaoi a mbeidh daoine a bhfuil cearta acu/pobail a mbíonn tionchar orthu páirteach go lárnach ann agus an chaoi a n-áireofar a nguth agus a neamhspleáchas ann, agus;

- An chaoi a gcomhlíonfar ceann amháin nó níos mó de na torthaí anseo thíos.

Léigh go cúramach téacs *Thosaíocht Straitéiseach a Trí* i Ráiteas Straitéise 2022–24 dár gcuid atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin: **https://www.ihrec.ie/documents/strategy-statement-2022-2024/**

3.4.3 Cuir Chuige agus Torthaí

Tacóidh an Scéim Deontas le cuir chuige faoi Shnáithe A agus B a bhfuil d'aidhm leo ceann amháin nó níos mó de na torthaí seo a leanas a bhaint amach. **Ní gá** do thionscadal níos mó ná ceann amháin de na torthaí seo a bhaint amach.

Feasacht agus tuiscint mhéadaithe

Tacaítear le tionscadail rannpháirtíochta a bhfuil baint dhíreach ag pobail/daoine a bhfuil cearta acu leo, a chruthaíonn feasacht agus tuiscint mhéadaithe ar chomhionannas agus cearta an duine, ina measc na cearta a leagtar amach sa reachtaíocht Chomhionannais, i ndlí

chearta an duine agus i nDualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.

Cumas iolraitheora agus tacaíochta a thógáil

Tacaítear le tionscadail rannpháirtíochta chun cumas ceannaireachta agus saineolas na bpobal agus na ndaoine a bhfuil cearta acu a thógáil, chun a gcearta a thuiscint (mar atá sa reachtaíocht chomhionannais agus faoi dhlíthe chearta an duine). Cuirtear ar a gcumas dóibh gníomhú mar iolraitheoirí le haghaidh daoine eile a bhfuil cearta acu agus tacú le hathrú.

Athruithe ar mheonta agus iompar a chothú

Tacaítear le tionscadail rannpháirtíochta a fhorbraíonn acmhainní claochlaitheacha oideachais agus oiliúna bunaithe ar chearta an duine agus comhionannas le haghaidh suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla oideachais agus pobail agus forbartha leanúnaí gairmiúla. Ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag an oideachas agus oiliúint athruithe a chothú ar thuiscint, meonta agus iompar agus go mbeadh baint dhíreach ag pobail/daoine a bhfuil cearta acu le forbairt agus soláthar an inneachair.

Fianaise mhéadaithe chun oibriú ar son reachtaíocht, beartais, straitéisí, cleachtais agus soláthar seirbhísí atá bunaithe ar chearta an duine agus comhionannas

Tacaítear le taighde cáilíochtúil agus rannpháirtíochta, anailís dlí agus bheartais agus monatóireacht ar cheisteanna chearta an duine agus/nó comhionannais a bhaineann le Snáithe A nó B a chuireann bonn eolais faoi reachtaíocht, beartais, straitéisí agus cleachtas ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta, ina measc cur i bhfeidhm éifeachtach Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine i measc comhlachtaí poiblí.

Ba cheart go mbeadh pobail agus daoine a bhfuil cearta acu bainteach go díreach sa phróiseas taighde lena n-áirítear, mar shampla, mar phiarthaighdeoirí, chun iad a chumhachtú agus dearcadh iad siúd a mbíonn tionchar díreach orthu a fháil.

Comhoibriú feabhsaithe idir daoine a bhfuil cearta acu/pobail agus comhlachtaí poiblí (iad siúd ar a bhfuil dualgais)

Tacaítear le tionscadail a chumasaíonn daoine a bhfuil cearta acu/pobail chun dul i mbun plé le comhlachtaí poiblí chun reachtaíocht, beartas, cleachtas agus seirbhísí a bhaineann le Snáithe A nó B a mhúnlú.

3.4.4 Cineálacha Gníomhaíochta lena dTacófar

Tacaíonn an scéim deontas le raon leathan gníomhaíochta ina mbíonn ról ceannaireachta ag pobail agus daoine a bhfuil cearta acu, agus a fhorbraítear ó thaobh chearta an duine agus comhionannais. Ní liosta uilechuimsitheach é seo, ach i measc na gcineálacha gníomhaíochtaí a bhféadfaí tacú leo tá:

Tógáil Cumais, Oiliúint agus Oideachas

- Tabhairt faoi thógáil cumais rannpháirtíochta, oiliúint agus gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le scileanna ceannaireachta agus abhcóideachta agus/nó a chabhraíonn le comhghuaillíochtaí a thógáil; agus

- Gníomhaíochtaí claochlaitheacha oideachais/oiliúna a chothaíonn athrú ar mheonta agus iompair;

- Acmhainní oideachais agus oiliúna a tháirgeadh i bhformáidí clóite, digiteacha, inrochtana nó eile.

Taighde, Anailís Dlí nó Bheartais

- Tabhairt faoi thaighde cáilíochtúil agus rannpháirtíochta – moltar oibriú le piarthaighdeoirí agus iad a uas-sciliú;

- Anailís dlí, bheartais nó straitéise nó freagraí dlí, beartais nó straitéise a tháirgeadh;

- Anailís agus taifeadadh ar eiseamláirí dea-chleachtais; agus

- Tabhairt faoi mhonatóireacht, nó sásraí monatóireachta a fhorbairt.

Gníomhaíochtaí Ardaithe Feasachta agus Comhroinnte Foghlama

- Comhdhálacha, seimineáir agus cruinnithe comhleibhéil a eagrú;

- Ábhair dhigiteacha nó chlóite a fhorbairt, a fhoilsiú agus a scaipeadh;

- Feachtais feasachta a eagrú agus uirlisí digiteacha a fhorbairt; agus

- Spásanna cruthaitheachta agus/nó rannpháirtíochta a ghiniúint le haghaidh plé agus comhroinnt foghlama.

3.4.5 Maoiniú Atá Ar Fáil

Féadfaidh eagraíochtaí sochaí sibhialta a oibríonn chun comhionannas agus cearta an duine a chosaint nó a chur chun cinn **iarratas amháin** a dhéanamh ar dheontas beag nó ginearálta, ach ní ar an bpéire acu:

- **Deontais bheaga suas go €6,000**
- **Deontais ghinearálta suas go €20,000**

Tá maoiniú €400,000 ar fáil.

Is sprioc de chuid an Choimisiúin agus é ag tairiscint na scéime deontas seo é tacú le grúpaí faoi stiúir daoine a bhfuil cearta acu agus pobal. Spreagfadh sé eagraíochtaí mar sin cur isteach ar thacaíocht atá oiriúnach dá scála agus dá gcumas, laistigh de pharaiméadair na scéime a leagtar amach anseo.

Ní shonraíonn an Coimisiún líon na dtionscadal a mhaoineofar faoin snáithe seo. Ach ní féidir ach líon measartha deontas a thabhairt ag an uasmhéid faoi gach cineál mar gheall ar an méid maoinithe atá ar fáil. D'fhéadfaí suim níos ísle ná mar a luaitear san iarratas a bhronnadh ar thionscadail, ionas gur féidir níos mó tionscadal a mhaoiniú.

3.4.6 Iarratasóirí Incháilithe

Eagraíochtaí Sochaí Sibhialta

Tá Scéim Deontas 2023–24 oscailte d'iarratais ó eagraíochtaí sochaí sibhialta atá cláraithe i bPoblacht na hÉireann (d'fhéadfadh comhpháirtí i dTuaisceart Éireann a bheith acu) a bhfuil d'aidhm acu cearta an duine agus/nó comhionannas a chur chun cinn. Áirítear leis sin eagraíochtaí pobail agus deonacha náisiúnta nó áitiúla, líonraí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, grúpaí daoine a bhfuil cearta acu, grúpaí pobail bunaithe ar cheantar, grúpaí pobail sainleasa, agus ceardchumainn.

Caithfidh eagraíochtaí sochaí sibhialta a chuireann iarratas isteach a bheith cláraithe mar Chuideachta leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO), agus/nó a bheith ina gcarthanas cláraithe.

Critéir Incháilitheachta Eile

Fáiltítear roimh iarratais ina bhfuil **comhpháirtíocht chomhoibríoch** idir dhá eagraíocht nó níos mó, comhlachtaí poiblí ina measc. Ach ní féidir ach le heagraíocht sochaí sibhialta feidhmiú mar an t-iarratasóir ceannasach agus ní comhlacht poiblí (féach liosta na gcomhlachtaí poiblí a leagtar amach sa rannóg faoin Dualgas in Aguisín B). Beidh an t-iarratasóir ceannasach freagrach go hiomlán as airgeadas an tionscadail agus as na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le haon deontais a bhronntar a chomhlíonadh, mar a leagtar amach sa chomhaontú deontais.

Éilíonn an Coimisiún ar iarratasóirí a chuirtear ar an ngearrliosta ráitis airgeadais/cuntais iniúchta, sonraí iarmhéid bainc agus Deimhnithe Imréitigh Cánach reatha a thabhairt lena n-athbhreithniú sula mbronnfar aon deontas faoin scéim seo.

4. Iarratas a dhéanamh ar Dheontas

Réamhrá agus Forléargas

Faoi Scéim Deontas 2023–24, ní féidir le heagraíochtaí incháilithe ach **iarratas amháin ar a mhéad** a chur isteach. Caithfear iarratais ar dheontas a chur isteach, ina n-iomláine, ar an bhfoirm iarratais a sholáthraítear. **Ní** bhreithneoidh an painéal measúnaithe ábhar breise.

Is féidir iarratais a chur isteach:

Ar ríomhphost: grants@ihrec.ie (úsáid an líne ábhair 'Scéim Deontas Chearta an Duine agus Comhionannais, 2023–24 agus Snáithe [A, nó B])

Sa phost: Faoi bhráid: An Fhoireann Deontas
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
16–22 Sráid na Faiche
Baile Átha Cliath 7

Is é an dáta deiridh d'iarratais a bheith faighte **Dé Céadaoin, 26 Aibreán 2023, ag a 3.00 i.n. go beacht**.

Tabhair faoi deara:

- Caithfear iarratais a chuirtear ar ríomhphost a fháil i mbosca isteach ríomhphost na ndeontas (grants@ihrec.ie) faoin sprioc-am agus dáta deiridh a shonraítear.
- Caithfear iarratais a chuirtear sa phost nó le cúiréir a fháil faoin sprioc-am agus dáta deiridh.
- Ní ghlacfar le hiarratais ar a bhfuil postmharc an dáta deiridh, má thagann siad i ndiaidh an sprioc-ama.

Ní dhéanfar iarratais a thagann sa phost/le cúiréir nó a fhaightear i mbosca isteach ríomhphost na ndeontas i ndiaidh an ama agus an dáta sin a mheas i gcás ar bith.

Fógra Tábhachtach faoi Iarratais ar Ríomhphost

Caithfidh iarratas ar dheontas a sheoltar ar ríomhphost a bheith i mBosca Isteach na nDeontas faoina 3.00 i.n. Má thagann sé isteach sa Bhosca Isteach ag 3.01 i.n. nó aon am ina dhiaidh sin, **ní ghlacfar leis**.

Moltar go gcuirfeadh iarratasóirí a n-iarratais 60 nóiméad ar a laghad roimh an sprioc-am mar gheall ar an lear mór ríomhphost a bheidh á gcur chuig an gcuntas.

5. Foirm Iarratais

Is gá **Treoir na Scéime Deontas a léamh sula gcomhlánaítear an fhoirm iarratais**. Tá sé tábhachtach go gcuirtear Ráiteas Straitéise 2023–24 de chuid an Choimisiúin, aidhm fhoriomlán na scéime, an snáithe maoinithe agus na torthaí a dtacaíonn an scéim deontas leo san áireamh nuair atáthar ag scríobh an iarratais, ionas go gcomhlíonfadh an t-iarratas na riachtanais agus gur féidir leis an bpainéal measúnaithe é a mheas i gceart.

Tá cúig chuid san fhoirm iarratais, agus **caithfear gach ceann a chomhlánú go hiomlán**. Ná sáraigh an líon focal a luaitear le gach rannóg:

5.1 Cuid A: Sonraí na hEagraíochta

Iarrtar eolas bunúsach i gCuid A faoin eagraíocht iarratasóra incháilithe, an ceannasaí don iarratas seo ar dheontas agus – más ábhartha – sonraí aon chomhpháirtí/chomhpháirtithe. Caithfidh an t-iarratasóir ceannasach a bheith cláraithe mar charthanas agus/nó mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta chun a bheith incháilithe. Cinntigh go dtugtar uimhir charthanais agus/nó uimhir chlárúcháin chuideachta d'eagraíochta sa rannóg chuí.

5.2 Cuid B: Snáithe Maoinithe

I gCuid B, iarrtar ar iarratasóirí a thabhairt le fios cén snáithe agus cén méid maoinithe a bhaineann leis an tionscadal beartaithe.

Snáithe A: Dul Chun Cinn a Dhéanamh ar Theacht ar Cheartas agus Cearta
Snáithe B: Deireadh le Cumasachas, Aoiseachas, Ciníochas, Gnéasachas, Homafóibe agus Trasfhóibe a Chur Chun Cinn
Cinntigh go roghnaíonn tú an snáithe ceart. Ná cuir tic ach i mbosca amháin.

Deontas Beag: €6,000
Deontas Ginearálta: €20,000
Cinntigh go roghnaíonn tú an méid maoinithe ceart trí thic a chur sa mbosca cuí.

5.3 Cuid C: Togra an Tionscadail

I gCuid C, iarrtar ar iarratasóirí sonraí a thabhairt faoin tionscadal. Cuimsítear leis sin aidhmeanna agus cuspóirí an tionscadail, modheolaíocht an tionscadail, an spriocghrúpa (daoine a bhfuil cearta acu agus/nó eile), na príomh-gharspriocanna agus na torthaí beartaithe.

Baineann an t-eolas a thugtar sa chuid seo leis an rannóg **'Caighdeán agus Ábharthacht an Togra'** sa Scéim Mharcála go háirithe. Dá bhrí sin tá sé tábhachtach go gcinnteodh iarratasóirí go dtugann siad dóthain sonraí soiléire chun go mbeadh an painéal measúnaithe in ann an togra a bhreith agus a scóráil mar is ceart.

Aidhm agus Cuspóirí

Leag amach aidhm agus cuspóirí foriomlána an tionscadail, agus léirigh go soiléir an ábharthacht do thosaíocht straitéiseach an Choimisiúin agus don snáithe a roghnaíodh. Ba cheart go leagfaí amach an cheist shonrach um chomhionannas nó cearta an duine a bhfuil an tionscadal ag tabhairt aghaidh uirthi de réir mar a bhaineann sé leis an snáithe, rannpháirtíocht daoine a bhfuil cearta acu/pobal ann agus a thorthaí inmhianaithe, agus nasc soiléir le toradh amháin ar a laghad de chuid na scéime deontas mar atá thuas.

Spriocghrúpa

Mínigh go soiléir cé hé an spriocghrúpa/cé hiad na spriocghrúpaí, lena n-áirítear daoine a bhfuil cearta acu agus/nó pobail a mbíonn tionchar orthu agus an chaoi a mbeidh siad rannpháirteach sa tionscadal agus an tairbhe a bhainfidh siad as a rannpháirtíocht.

Garspriocanna Tábhachtacha

Sa rannóg seo den iarratas, iarrtar ar na hiarratasóirí amlíne shoiléir a leagann amach de phríomhdhátaí agus príomhghníomhaíochtaí an tionscadail i gcaitheamh na bliana. **Caithfear an tionscadal maoinithe a dhéanamh agus a chríochnú go hiomlán sa tréimhse 12 mhí ó mhí Mheán Fómhair 2023 go mí Mheán Fómhair 2024.**

Modheolaíocht agus Gníomhaíochtaí an Tionscadail

Tuairisc atá i modheolaíocht an tionscadail ar an gcaoi a dtabharfar faoin tionscadal agus ar a soláthrófar leis. Leag amach míniú mionsonraithe ar an gcur chuige a úsáidfear agus na príomhghníomhartha agus príomhghníomhaíochtaí a dhéanfar. Má theastaíonn cion

suntasach den bhuiséad chun gníomhaíocht a chur i gcrích, ba cheart míniú mionsonraithe a thabhairt ar an ngníomhaíocht sin sa rannóg seo.

Más staidéar taighde an tionscadal, ba cheart go sonrófaí go soiléir san iarratas: an cheist taighde agus an chaoi a ndéanfar an taighde (a mhodheolaíocht taighde) agus an chaoi a mbeidh daoine a bhfuil cearta acu páirteach ann. Moltar piarthaighdeoirí a dhéanamh páirteach ann toisc go gcuireann sé sin le nádúr rannpháirtíochta an taighde.

Má táthar ag bailiú sonraí príomhúla, mar shampla, trí shuirbhé ar dhaoine nó ar fhócasghrúpa, ba cheart do na hiarratasóirí a shonrú cé na gníomhartha a dhéanfaidh siad chun a chinntiú go n-úsáidtear cur chuige eiticiúil[2] i leith rannpháirtíocht dheonach, rúndachta, anaithnideachta agus cosaint sonraí.[3]

Aschuir agus Torthaí an Tionscadail

Is iad torthaí an tionscadail tionchar inmhianaithe aschuir – gníomhaíochtaí nó gníomhartha – an tionscadail. Ar an bhfoirm iarratais, leag amach na haschuir agus na torthaí inmhianaithe ón tionscadal agus ón bpróiseas, lena n-áirítear an tionchar ar na spriocghrúpaí. Déan cur síos ar an gcaoi a ngabhfar an fhoghlaim agus cé na táscairí ratha a bheadh i gceist. Déan nasc soiléir idir torthaí an tionscadail agus torthaí na scéime deontas.

Torthaí an Tionscadail a Scaipeadh

Nuair a chuirtear an tionscadal i gcrích, mínigh an chaoi a ndéanfar torthaí an tionscadail a iolrú, a chur chun cinn agus/nó a scaipeadh.

[2] Aithníonn dea-chleachtas in eitic taighde nár cheart do staidéir thaighde aon díobháil a dhéanamh; go ndéantar staidéir le toiliú iomlán agus eolach na rannpháirtithe, go gcosnaítear rúndacht agus go gcaithfidh bailiú, stóráil, úsáid agus nochtadh sonraí na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018 a chomhlíonadh. Thar aon ní eile, ba cheart go mbeadh aidhmeanna agus cuspóirí an staidéir taighde soiléir, trédhearcach agus ba cheart tabhairt faoi gach céim den phróiseas go macánta agus go hionraic – ó dhearadh an taighde, go giniúint agus anailís sonraí, agus ar deireadh, go foilsiú na dtorthaí.

[3] Tugtar treoir chuimsitheach (cé nach bhfuil sí uileghabhálach) ar eitic an taighde in Research Ethics Guidance 2021 le Social Research Association: https://the-sra.org.uk/common/Uploaded%20files/Resources/SRA%20Research%20Ethics%20guidance%202021.pdf

5.4 Cuid D: Cumas Eagrúcháin agus Cur i bhFeidhm

I gCuid D, iarrtar le haghaidh eolas faoi aidhmeanna agus obair na heagraíochta iarratasóra (agus eagraíochtaí comhpháirtíochta más cuí), lena n-áirítear a fócas ar chearta an duine agus/nó comhionannas. Iarrtar ar iarratasóirí léiriú a thabhairt ar chumas a n-eagraíochta an tionscadal beartaithe a chur i bhfeidhm bunaithe ar thaithí bainistíochta tionscadal roimhe sin, agus a leagan amach conas agus cé a chuirfidh an tionscadal i bhfeidhm. Tabhair samplaí de thaithí ábhartha.

Cuimhnigh go cúramach an bhfuil sé de chumas ag an eagraíocht scála an tionscadail a chur i gcrích in imeacht 12 mhí. Mura bhfuil, athraigh é ag an gcéim seo.

Tá sé tábhachtach freisin go léireodh an t-iarratasóir go bhfuil na rialuithe airgeadais, an cumas reatha agus an taithí ag an eagraíocht chun an tionscadal a bhainistiú ó thaobh airgeadais de.

Baineann an t-eolas a thugtar sa chuid seo leis an rannóg **'Cumas Eagrúcháin agus Cur i bhFeidhm'** sa Scéim Mharcála go háirithe. Dá bhrí sin tá sé tábhachtach go gcinnteodh iarratasóirí go dtugann siad dóthain sonraí soiléire chun go mbeadh an painéal measúnaithe in ann an togra a bhreith agus a scóráil mar is ceart.

5.5 Cuid E: Buiséad Tionscadail agus Costálacha

Iarrtar eolas i gCuid E faoin maoiniú atá á iarraidh, an tsuim iomlán atá á hiarraidh agus miondealú ar chostais an tionscadail, le míniú mionsonraithe ar gach costas. Ba cheart na costais ar fad a thabhairt in Euro agus ba cheart go mbeadh CBL san áireamh leo.

Tá sé tábhachtach go gcinnteodh iarratasóirí go dtugann siad dóthain sonraí soiléire chun go mbeadh an painéal measúnaithe in ann na míreanna buiséid sa togra a bhreith agus a scóráil mar is ceart. Baineann an t-eolas a thugtar sa chuid seo leis an rannóg 'Costais' sa Scéim Mharcála go háirithe agus ba cheart an-iarracht a dhéanamh míniú mionsonraithe a thabhairt ar an gcaiteachas measta ar fad. Iarrtar ar iarratasóirí miondealú agus míniú a thabhairt ar chostais an tionscadail i réimse ceannteideal. Tabhair faoi deara nach mbeadh gach ceannteideal i gceist i ngach cás.

Is iad na ceannteidil sin:

Seirbhísí ar Conradh

Tá sé an-tábhachtach go dtugtar faoi deara nach gclúdaíonn scéim deontas 2023–24 costais croífhostaithe ná fostaithe ar conradh. Clúdaíonn an maoiniú costas conraitheoirí, ar daoine nó cuideachtaí iad a chonraítear faoi chonradh seirbhíse chun tacú le cur i gcrích an tionscadail.

D'fhéadfaí a áireamh le conradh seirbhíse, mar shampla, táillí conraitheoirí a fhostú chun tabhairt faoi thaighde (lena n-áirítear piarthaighdeoirí), chun saineolas, oiliúint, éascú, comhordú tionscadail nó riaracháin tionscadail a sholáthar le haghaidh chúrsaí chearta an duine agus comhionannais.

I gcás gach conraitheora, leag amach go soiléir na costais **in aghaidh na huaire/an lae agus líon na n-uaireanta/laethanta a bhfuiltear ag súil leo**.

Costais Imeachta

Mar shampla: cíos ar ionad, seomraí cruinnithe, sólaistí.

Taisteal agus Cothabháil

Mar shampla: costais taistil agus chothabhála aoi-chainteoirí nó tacaíocht réasúnta do rannpháirtithe chun páirt a ghlacadh i dtionscadal nó freastal ar imeacht, má mheastar gur gá sin.

Costais Bholscaireachta

Áirítear leis seo tacaíocht le haghaidh chur chun cinn na feasachta ar thorthaí an tionscadail. D'fhéadfaí a áireamh leis an líne chostas seo, mar shampla, poiblíocht agus fógraíocht d'imeacht nó do thionscadal, cló agus dearadh, agus costais le haghaidh tacaí ar líne agus meáin shóisialta.

Tabhair faoi deara, más feachtas feasachta é an tionscadal féin a dteastaíonn buiséad suntasach uaidh, caithfear é a mhíniú go hiomlán agus go mionsonraithe sa rannóg faoi mhodheolaíocht an tionscadail freisin.

Ceannach Ábhar

Mar shampla: ábhar oiliúna, fótachóipeáil nó páipéarachas.

Costais Eile

Ba cheart costais eile a thiocfaidh chun cinn a shonrú go soiléir agus caithfidh siad a bheith ina gcostais incháilithe.

Riarachán

Ceadaítear táille chomhréidh 10% i dtreo riaradh an deontais d'eagraíochtaí incháilithe a fhaigheann deontais.

Costais nach bhfuil Incháilithe

Léigh an rannóg seo go cúramach, chun a chinntiú nach n-áirítear costais nach bhfuil incháilithe.

Níl na gníomhaíochtaí ná na costais seo a leanas incháilithe **agus ní bhreithneofar iad le haghaidh maoiniú**:

- Croíchostais eagraíochta, forchostais ina measc;
- Tuarastail croífhostaithe nó fostaithe ar conradh (níl ach conarthaí seirbhísí incháilithe, féach thuas);
- Costais nach mbaineann leis an tionscadal san iarratas;
- Costais shiarghabhálacha – gníomhaíocht a tharla cheana féin roimh an dáta ar ceadaíodh an t-iarratas agus ar chomhshínigh an Coimisiún an comhaontú deontais;
- Maoiniú tráchtais iarchéime;
- Ceannach trealamh TF nó oifige nó soláthairtí ginearálta oifige, fóin phóca agus ríomhairí glúine ina measc;
- Gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid;
- Gnéithe atá á maoiniú ó fhoinsí eile cheana féin;
- Costais chaipitil;
- Tionscadail nó gníomhaíochtaí as a n-eascraíonn gníomhaíocht tráchtála nó brabús.

5.6 Cuid F: Dearbhuithe Éigeantacha

Sa chuid seo, éilítear ar iarratasóirí a dhearbhú go dtuigeann agus go nglacann siad leis na forálacha um Shaoráil Faisnéise a bheidh i bhfeidhm ar iarratais faoin scéim deontas seo. Éilítear ar iarratasóirí a dhearbhú freisin go dtuigeann agus go nglacann siad le Séanadh a deir nach mbeidh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoi dhliteanas don iarratasóir ná d'aon pháirtí eile maidir le haon chaillteanas, damáiste nó costais a eascraíonn go díreach nó go hindíreach as: (a) an t-iarratas nó ábhar an iarratais; (b) diúltú don iarratas ar chúis ar bith.

Iarrfar ar iarratasóirí a bhfuil coinbhleacht leasa fhéideartha acu é sin a dhearbhú, ar mhaithe le trédhearcacht.

6. An tSeiceáil Deiridh ar an Iarratas

Caithfear gach cuid den fhoirm iarratais a chomhlánú i gceart. Iarrtar ort an fhoirm iarratais a **sheiceáil an athuair** sula gcuirtear isteach í le cinntiú go bhfuil an leagan deiridh á sheoladh. Ní bheidh iarratais nach bhfuil comhlánaithe ina n-iomláine incháilithe, agus ní bhreithneofar iad. Ní ghlacfar le hiarratais a chuirtear isteach an athuair i ndiaidh an sprioc-ama i gcás ar bith.

An ndearna tú an méid seo a leanas?

- Uimhir Charthanais/Uimhir Chlárúcháin Chuideachta d'eagraíochta a thabhairt
- Gach réimse a chomhlánú leis an uaslíon focal a cheadaítear
- An snáithe ceart a roghnú
- An méid deontais ceart a bhfuil tú ag cur isteach air a roghnú
- Achoimre shoiléir agus chruinn ar rún do thionscadail bheartaithe a sholáthar
- Ceannasaí Tionscadail agus Ceannasaí Airgeadais agus seoladh ríomhphoist cineálach a sholáthar
- Miondealú measta ar an mbuiséad a sholáthar don mhéid deontais a bhfuil tú ag cur isteach air, agus CBL san áireamh sa ríomh.
- D'iarratas a chomhlánú ina iomláine
- Bí cinnte an t-iarratas a sheoladh i bhfad roimh an sprioc:
    - 3.00 i.n., Dé Céadaoin, 26 Aibreán 2023

7. Measúnú agus Marcáil

Meastóireacht ar Iarratais

Scagfar na hiarratais ar fad chun a n-incháilitheacht a sheiceáil. Beidh iarratais incháilithe:

- istigh in am;
- comhlánaithe go hiomlán; agus
- á gcur isteach ag iarratasóir incháilithe.

Tionólfar painéal go speisialta chun na hiarratais incháilithe ar fad a fuarthas a mheasúnú. Beidh comhaltaí foirne ábhartha ón gCoimisiún agus saineolaithe seachtracha neamhspleácha ar an bpainéal measúnaithe do Scéim Deontas Chearta an Duine agus Comhionannais, 2023–2024.

7.1 Marcáil agus Critéir Mheasúnaithe

Déanfar measúnú ar iarratais incháilithe de réir na gcritéar agus na scéime marcála seo a leanas:

- Caighdeán agus ábharthacht an togra ó thaobh chearta an duine agus comhionannais de (50 marc);
- Cumas Eagrúcháin agus Cur i bhFeidhm (30 marc); agus
- Costais (20 marc).

Agus leithdháileadh iomlán Scéim Deontas 2023–24 á chinneadh, d'fhéadfadh an Coimisiún aird a bheith aige ar an ngá atá le leathadh cothrom tíreolaíochta a bhaint amach leis na gníomhaíochtaí.

Tá tuilleadh sonraí faoin scéim mharcála seo in Aguisín B thíos.

7.2 Fógra faoin Toradh

Seolfar litir nó ríomhphost chuig gach iarratasóir, beag beann ar cé mar a éiríonn leo, faoi thoradh phróiseas an mheasúnaithe.

7.3 Coinníollacha Gearrliostúcháin

Insítear do dámhachtaithe féideartha go bhfuil siad ar ghearrliosta. Cuirtear ar ghearrliosta iad ar choinníoll go bhfaightear na cáipéisí airgeadais iarrtha go tráthúil, go gcríochnaítear go sásúil measúnú riosca airgeadais agus go gcomhshíníonn Stiúrthóir an Choimisiúin an comhaontú deontais. Is ansin, agus ansin amháin, a iarrfar orthu siúd ar an ngearrliosta sonrasc a chur isteach don chéad tráthchuid den deontas. Ní féidir tabhairt faoi aon obair ar an tionscadal ná faoi aon chur chun cinn fad atáthar ar ghearrliosta.

Éileofar ar iarratasóirí a n-éiríonn leo Comhaontú Deontais a shíniú, a áireoidh i measc nithe eile:

- Dearbhú ar dheimhniú imréitigh cánach bailí agus cothrom le dáta;
- Dáta tosaigh agus críochnaithe don tionscadal;
- Ráiteas ar ghníomhaíochtaí agus ar ghníomhartha atá le soláthar;
- Suimeanna maoinithe agus socruithe faoi mhaoiniú a tharraingt anuas;
- Ceanglais maidir le hathbhreithniú tionscadail, tuairisciú agus airgeadas;
- Ceanglais maidir le caiteachas deimhnithe, lena n-áirítear sonraisc agus fianaise ar íocaíocht (ráitis bhainc a léiríonn na hidirbhearta íocaíochta, stampa ÍOCTHA ar an sonrasc, duillín íocaíochta, srl.) a thaifeadtar ar an bhfoirm caiteachais airgeadais a chuireann an Coimisiún ar fáil;
- Ceanglais shonracha iarratasóirí maidir le fógraíocht, úsáid lógónna, srl.;
- Dearbhú sínithe chun a dheimhniú nach bhfuil an eagraíocht ag fáil maoiniú ó chistí poiblí eile don tionscadal seo.
- Caithfear gníomhaíochtaí a mhaoinítear faoin Scéim Deontas a chur i gcrích laistigh de 12 mhí ón dáta a sínítear an Comhaontú Deontais; agus
- Buiséad mionsonraithe a chuirtear isteach san iarratas.

Caithfear na cáipéisí airgeadais ar fad a iarrtar sa litir thairisceana coinníollaí chucu siúd a gheobhadh an deontas **a sheoladh ar ais tráth nach déanaí ná trí seachtaine** i ndiaidh an comhaontú a fháil ón gCoimisiún nó d'fhéadfaí an tairiscint choinníollach a tharraingt siar. A luaithe is a dhéantar na cáipéisí a athbhreithniú agus a cheadaítear an deontas, iarrfar ar an té a gheobhaidh an Deontas Comhaontú Deontais sínithe a chur ar ais, agus comhshíneoidh an Coimisiún é ansin. Nuair a shíníonn an dá pháirtí an comhaontú deontais, iarrfaidh an Coimisiún sonrasc ón té a gheobhaidh an deontas le haghaidh na chéad íocaíochta deontais.

7.4 An Dara agus an Tríú Tráthchuid a Íoc

Tugtar an chéad tráthchuid, nó 40% den deontas, ag tús an tionscadail. Chun an dara híocaíocht 40% a tharraingt anuas, caithfidh an té a fuair an deontas admhálacha deimhnithe a thabhairt a chruthaíonn caiteachas suas le 80%. Má tá gach rud in ord agus in eagar, iarrfar ar an té a fuair an deontas sonrasc a chur isteach le haghaidh an dara tráthchuid.

Íocfar an tráthchuid deiridh 20% nuair a chríochnaítear an tionscadal go sásúil, agus nuair a fhaightear tuairiscí tionscadail agus airgeadais agus admhálacha deimhnithe don tsuim sin. Éileofar ar an té a fhaigheann an deontas litir a chur isteach ina ndeirtear go foirmiúil go bhfuil admhálacha ar fáil don chaiteachas ar fad agus go bhfuil cuntas air. Is ansin a iarrfar orthu an sonrasc deiridh a chur isteach don chuid eile den deontas.

7.5 Tuairiscí Monatóireachta agus Eatramhacha

Ceanglaítear orthu siúd a fhaigheann Deontas tuairisc dhémhíosúil ghairid airgeadais agus feidhmíochta, ina leagtar amach aon chaiteachas, a chur isteach chomh maith le hadmhálacha deimhnithe agus aon dul chun cinn a rinneadh ar chur i bhfeidhm an tionscadail.

7.6 Tuairisc Dheiridh Tionscadail agus Airgeadais

Déanfar cur síos gairid sa Tuairisc Dheiridh ar an Tionscadal ar an tionscadal, agus áireofar ann:

- Achoimre ar na gníomhartha agus gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu;
- Éachtaí nó torthaí an tionscadail; agus

- Measúnú ar an gcaoi ar comhlíonadh cuspóirí an tionscadail

Leagfar amach freisin an caiteachas iomlán don tionscadal agus cuirfear aon admhálacha deimhnithe agus sonraisc íoctha nár cuireadh isteach fós léi.

D'fhéadfadh an Coimisiún cóip d'aon ábhar foilsithe ón tionscadal a iarraidh freisin.

7.7 Lógó an Choimisiúin a úsáid

Tá lógó sonrach a admhaíonn gur mhaoinigh an Coimisiún an tionscadal ar fáil agus caithfear é a chur ar gach foilseachán, cur i láthair agus fógraíocht faoin tionscadal. Caithfear séanadh a chur ar gach tuarascáil fhoilsithe. Tá an lógó, téacs an tséanta agus treoirlínte sonracha faoin gcaoi agus faoin áit leis an ábhar sin a úsáid ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, https://www.ihrec.ie/ga/our-work/human-rights-and-equality-grants-scheme.

7.8 Athbhreithniú an Choimisiúin

Coinníonn an Coimisiún an ceart chuige féin tabhairt faoi athbhreithniú ar thionchar a scéime deontas. Iarrfar ar iarratasóirí a n-éiríonn leo a dhearbhú go gcomhoibreoidís le hathbhreithniú dá leithéid dá dtabharfaí faoi.

8. Tacaíocht d’Iarratas ar Dheontas IHREC

Is féidir aon cheist nó fiosrúchán faoi ghné ar bith den Scéim Deontas nó den phróiseas iarratas a sheoladh chuig an bhFoireann Deontas in IHREC. Seol ríomhphost chuig **grants@ihrec.ie** leis an líne ábhair ‘Ceist faoi Scéim Deontas Chearta an Duine agus Comhionannais, 2023–2024’.

Tabhair faoi deara, a luaithe a chuirtear iarratas ar dheontas faoi bhráid an Choimisiúin, ní bheidh sé in ann tabhairt faoi chomhfhreagras aonair ná scríofa agus ní bheidh sé in ann ceisteanna incháilitheachta a athbhreithniú le hiarratasóirí.

Aguisín A: Tionscadail Bunaithe ar Chearta an Duine agus Comhionannas

Cuireann an cur chuige bunaithe ar chearta an duine agus an creat a cheap Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Chearta an Duine an bonn eolais faoi Threoir Scéim Deontas Chearta an Duine agus Comhionannais, á threorú ag caighdeáin idirnáisiúnta do chearta an duine agus tá sé dírithe ó thaobh na hoibre de ar chearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn agus a chosaint.[4]

Baineann an cur chuige sin le daoine (a bhfuil cearta acu) a chumasú chun tuiscint a fháil ar a gcearta, chun eolas a fháil ar a gcearta agus iad a éileamh agus chun go méadófar cuntasacht na ndaoine aonair agus na n-institiúidí (iad siúd ar a bhfuil dualgais) atá freagrach as aird a thabhairt ar chearta agus iad a chomhlíonadh agus as cosaint a thabhairt ar idirdhealú agus ar shárú chearta an duine.

Ciallaíonn sé sin deiseanna níos fearr a thabhairt do dhaoine chun páirt a ghlacadh i múnlú na gcinntí a imríonn tionchar ar a gcearta daonna agus ar chomhionannas a bhaint amach. Ciallaíonn sé freisin cumas na ndaoine atá freagrach as cearta a chomhlíonadh a mhéadú chun go n-aithneoidh siad na cearta sin agus go mbeidh a fhios acu cén chaoi le haird a thabhairt orthu, agus a bheith cinnte gur féidir iad a choinneáil freagrach.

Baineann sé lena chinntiú go gcomhtháthaítear caighdeáin agus prionsabail chearta an duine agus comhionannais i gceapadh beartas agus i reáchtáil eagraíochtaí ó lá go lá. Leagtar amach níos soiléire é sin i gcomhthéacs náisiúnta i nDualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, mar a mhínítear níos mionsonraithe in Aguisín C.

[4] https://www.ohchr.org/Documents/Publications/PovertyStrategiesen.pdf íoslódáilte an 17 Feabhra 2020

Aguisín B: Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Ó 2014 i leith, tá Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine ina chuid den chreat reachtach a rialaíonn cearta an duine agus comhionannas in Éirinn.

Oibleagáid Reachtúil

Leagann Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, aird a thabhairt ar an ngá atá ann:

- idirdhealú a dhíbirt;
- comhionannas i ndeiseanna a bhfoirne agus na ndaoine a gcuireann siad seirbhísí ar fáil dóibh agus sa chaoi a gcaitear leo a chur chun cinn; agus
- cearta daonna a chomhaltaí foirne agus na ndaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint.

Cuireann Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine comhionannas agus cearta an duine ag croí an chaoi a gcomhlíonann comhlacht poiblí a chuspóir agus a gcuireann sé a fheidhmeanna i bhfeidhm.

Ceanglaítear in Acht 2014 ar chomhlacht poiblí, ag féachaint d'fheidhmeanna agus do chríoch (cuspóir) an chomhlachta agus dá mhéid agus do na hacmhainní atá ar fáil dó:

1. Measúnú - go leagfaí amach measúnú ina Phlean Straitéiseach ar cheisteanna chearta an duine agus comhionannais a chreideann sé atá ábhartha d'fheidhmeanna agus do chuspóir an chomhlachta;
2. Aghaidh a thabhairt ar - na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá ar bun nó a bheartaítear a chur ar bun d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin a leagan amach ina phlean straitéiseach;
3. Tuairisciú - tuairisciú a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar a bhfuil bainte amach ina leith sin ina thuarascáil bhliantúil.

De bharr na hoibleagáide chun an Dualgas a chomhtháthú i bplean straitéiseach agus tuarascáil bhliantúil comhlachta phoiblí, is próiseas leanúnach é ceisteanna comhionannais agus chearta an duine a mheasúnú agus aghaidh a thabhairt orthu, próiseas a chaithfear a athbhreithniú agus a fhorbairt de réir timthriallta pleanála straitéisí.

Ról an Choimisiúin: Treoir agus Forfheidhmiú

Is féidir le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas treoir a thabhairt do chomhlachtaí poiblí, agus iad a spreagadh, le beartais agus dea-chleachtas a fhorbairt i leith chearta an duine agus comhionannais. Má mheasann an Coimisiún go bhfuil fianaise ann gur theip ar chomhlacht poiblí a fheidhmeanna a chomhlíonadh de réir Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine féadfaidh sé iarraidh ar chomhlacht poiblí tabhairt faoi athbhreithniú, nó plean gníomhaíochta a ullmhú agus a chur i bhfeidhm maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna, nó an dá rud a dhéanamh.

D'fhéadfaí go ndíreofaí san athbhreithniú nó sa phlean gníomhaíochta ar chomhionannas deiseanna agus cearta an duine go ginearálta, nó ar ghné áirithe de chearta an duine nó idirdhealú sa chomhlacht, nó an dá rud.

Céard is comhlacht poiblí ann?

Áirítear leis an sainmhíniú ar chomhlacht poiblí chun críche an Dualgais:

- Roinn Stáit;
- Údarás áitiúil;
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte;
- Ollscoil nó institiúid teicneolaíochta;
- Bord oideachais agus oiliúna;
- Duine, comhlacht nó eagras ar bith eile arna bhunú faoi reacht, nó faoi scéim ar bith a riarann Aire Rialtais, gan Óglaigh na hÉireann san áireamh;
- Comhlacht arna mhaoiniú go hiomlán nó go páirteach ag Aire Rialtais nó thar ceann Aire Rialtais, de bhun cumhachtaí a thugtar le haon achtachán eile nó faoi aon achtachán eile;

- Comhlacht a bhfuil na scaireanna móraimh i seilbh Aire Rialtais nó thar ceann Aire Rialtais Ina theannta sin, féadfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais duine, comhlacht, eagras nó grúpa ar bith eile arna mhaoiniú go hiomlán nó go páirteach as airgead arna soláthar ag an Oireachtas, a fhorordú mar chomhlacht poiblí, i ndiaidh comhairliúchán le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

Tá níos mó eolais faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, https://www.ihrec.ie/ga/our-work/public-sector-duty

Aguisín C: An Scéim Mharcála

Critéir	Cur síos	Uasmharc ar fáil
Caighdeán agus Ábharthacht an Togra	Caighdeán agus ábharthacht an togra chun dul chun cinn a dhéanamh ar theacht ar cheartas agus cearta nó cur chun cinn ar dheireadh le cumasachas, aoiseachas, ciníochas, gnéasachas, homafóibe agus trasfhóibe ó thaobh chearta an duine agus comhionannais mar a leagtar amach sa treoir: An leagtar amach na haidhmeanna agus cuspóirí go soiléir agus an ndearnadh nasc le tosaíocht straitéiseach ábhartha agus cuspóirí gaolmhara an Choimisiúin? An bhfuil míniú agus réasúnaíocht shoiléir ann faoi cén cheist shonrach chomhionannais nó cheart an duine agus spriocghrúpa(í) a dtugtar breac-chuntas orthu sa togra a roghnaíodh agus cén fáth? An léir cén chaoi a dtabharfar faoin tionscadal nó faoin staidéar taighde agus an bhfuil na gníomhartha nó gníomhaíochtaí agus amlíne soiléir agus réalaíoch? An leagtar amach go soiléir rannpháirtíocht daoine a bhfuil cearta acu agus/nó pobal? An bhfuil soiléire ann faoin méid a theastaíonn ón togra a bhaint amach (torthaí)? An bhfuil sé d'aidhm ag an togra bearnaí a shainaithint nó aghaidh a thabhairt orthu maidir le téamaí na snáitheanna?	50
Cumas eagrúcháin agus cur i bhfeidhm	Indéantacht agus creidiúnacht phlean an togra: An bhfuil na gníomhartha nó gníomhaíochtaí réalaíoch agus indéanta, i dtéarmaí torthaí a bhfuil	30

Critéir	Cur síos	Uasmharc ar fáil
	súil leo a bhaint amach agus i dtéarmaí an togra a chur i bhfeidhm san am a shonraítear? An bhfuil cumas ann an tionscadal a chríochnú ar ardchaighdeán agus laistigh den am a shonraítear: An bhfuil fianaise ar chuntas teiste maith ar thionscadail dá leithéid a bhainistiú, agus torthaí inláimhsithe a bhaint amach ó thionscadail roimhe seo? An bhfuil cumas na heagraíochta an togra a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm soiléir san iarratas? An léirítear go soiléir san iarratas go bhfuil na rialuithe rialachais agus airgeadais i bhfeidhm ag an iarratasóir agus an bhfuil an cumas agus an saineolas aige chun tionscadal ar an scála seo a bhainistiú ó thaobh airgeadais de?	
Costais	Costálacha agus luach ar airgead: An leagtar amach gach mír bhuiséid go soiléir sa togra agus an mínítear go mionsonraithe iad? An bhfuil na costálacha réalaíoch? An mbreithnítear luach ar airgead sa bhuiséad? .i. an sainaithnítear aon áit inar chuir luach ar airgead bonn eolais faoin gcur chuige i leith an togra a chur i bhfeidhm? Soiléirigh an réasúnaíocht le haghaidh réimsí sonracha den leithdháileadh buiséid de réir mar is cuí agus mínigh an chaoi a meastar go gcuirfidh an leithdháileadh buiséid sin leis na torthaí a bhaint amach;	20
Marcanna iomlána ar fáil		100

16–22 Sráid na Faiche,
Baile Átha Cliath, D07 CR20
16–22 Green Street,
Dublin, D07 CR20
Idirlíon/Web www.ihrec.ie
@_ihrec